



bungaló



teach sraithe



coileán



faoin tuath

An Fiosraitheoir

TASC 1:

Ar mhaith leat féin bheith i do chónaí faoin tuath nó sa bhaile mór? Cén fáth?

TASC 2:

Tá madra ag Liam. Ainmnigh 5 pheata eile.



TAISCE TUISCEANA



Mo Theach

Mo Theach

Dia duit, is mise Liam. Tá mé i mo chónaí i **mbungaló**. Bhí mé i mo chónaí i **dteach sraithe** ach bhogamar isteach sa teach nua ag an Nollaig. Is breá liom mo theach nua agus is breá liom an gairdín mór atá ann. Tá an teach **faoin tuath**. Is fearr liom bheith amuigh anseo mar tá sé deas ciúin agus tá go leor ainmhithe agus éan le feiceáil.

Bím ag súgradh taobh amuigh le mo mhadra Lúlú gach lá nuair a thagaim abhaile ón scoil. Tá áthas an domhain orm mar bhí trí **choileán** aici seachtain ó shin!

Tá trí sheomra leapa sa teach nua. Seomra mo mhamaí, seomra mo bheirt deirfiúracha agus mo sheomra féin! Níl mo dheirfiúracha sásta liom in aon chor. Tá éad an domhain orthu, ceapaim!



Ceisteanna

- 1. Cen áit a bhfuil Liam ina chónaí anois?**
 - (a) Sa bhaile mór
 - (b) Faoin tuath
 - (c) Cois farraige
- 2. Is fearr le Liam bheith amuigh faoin tuath mar:**
 - (a) tá go leor siopaí ann.
 - (b) níl mórán le déanamh ann.
 - (c) níl sé torannach.
- 3. Cé hí Lúlú?**
 - (a) Deartháir Liam
 - (b) Peata Liam
 - (c) Cara Liam
- 4. Cé mhéad coileán a bhí ag Lúlú?**
 - (a) 3
 - (b) 30
 - (c) 13
- 5. Cén uair a bhí na coileáin ag Lúlú?**
 - (a) Mí ó shin
 - (b) Ar maidin
 - (c) 7 lá ó shin
- 6. Cén fáth a bhfuil éad an domhain ar dheirfiúracha Liam, dar leat?**
 - (a) Ní maith le Mamaí na deirfiúracha
 - (b) Bíonn éadaí deasa ag Liam i gcónaí
 - (c) Tá a sheomra leapa féin ag Liam

